Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Eanáir 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0373 (NLE)**

**13918/1/20**
**REV 1**

**UK 117**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 841 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú ag an gComhaontú um Tharraingt Siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána faoin gComhaontú agus ar liosta cúltaca de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí de chuid an Aontais de phainéal eadrána faoin gComhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 841 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2020) 841 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.1.2021
COM(2020) 841 final/2

2020/0373 (NLE)

COM(2020) 841 final of 14.12.2020 downgraded on 27.1.2021

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú ag an gComhaontú um Tharraingt Siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána faoin gComhaontú agus ar liosta cúltaca de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí de chuid an Aontais de phainéal eadrána faoin gComhaontú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Tá sé molta ag an gCoimisiún go mbunóidh an Chomhairle an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') bunaithe ar chinneadh ón gComhchoiste an Comhaontú sin a leasú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

Leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar na socruithe maidir le tarraingt siar rianúil na Ríochta as an Aontas agus as Euratom. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

### 2.2. An Comhchoiste

Ar an gComhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe. Beidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste. In Theideal VIII a ghabhann leis an gComhaontú, leagtar síos rialacha nós imeachta an Chomhchoiste. Tagann an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad nó ar iarratas ón Aontas nó ón Ríocht Aontaithe agus socraíonn sé a sceideal cruinnithe agus a chlár oibre de chomhthoil.

Leagtar síos cúraimí an Chomhchoiste in Airteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus orthu sin tá an méid seo a leanas go príomha:

- maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe go díreach nó trí obair na gcoistí speisialaithe a thuairiscíonn dó;
- cinntí agus moltaí a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe ar an gComhaontú sna cásanna a thugtar ann;
- fadhbanna a chosc agus díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a réiteach.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

I gcomhréir le hAirteagal 171(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, bunóidh an Comhchoiste, ar dháta nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse, liosta de 25 dhuine a bheidh toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána.

Áiritheoidh an Comhchoiste freisin go gcomhlíonfaidh an liosta na ceanglais shonracha a bhunaítear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar tráth ar bith.

Is é is cuspóir don chinneadh atá beartaithe an liosta de na daoine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána a bhunú faoin gComhaontú um Tharraingt Siar.

Tiocfaidh an gníomh atá beartaithe chun bheith ceangailteach i ndlí na bPáirtithe i gcomhréir le hAirteagal 166(2) den Chomhaontú. I gcomhréir le Riail 9 de na Rialacha Nós Imeachta, sonróidh na cinntí a ghlacann an Comhchoiste an dáta ar a dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

An tréimhse atá beartaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, rachaidh sí in éag an 31 Nollaig 2020. Tiocfaidh formhór mór fhorálacha an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021, lena n-áirítear na forálacha sin maidir le díospóidí a réiteach faoi Theideal III de Chuid a Sé. Tá sé riachtanach go mbeidh liosta eadránaithe i bhfeidhm faoin 1 Eanáir 2021 i gcás díospóid maidir le léirmhíniú an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, mar ón am sin amach, is féidir le ceachtar páirtí díospóidí a tharchur chun eadrána ceangailtí.

Tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir le cúigear a chur chun tosaigh go comhpháirteach freisin chun bheith ag feidhmiú mar chathaoirleach an phainéil eadrána. Tá deichniúir molta ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe faoi seach le haghaidh feidhm chomhaltaí an phainéil eadrána.

Dá bhrí sin, ba cheart gurbh é a bheadh i seasamh an Aontais tacaíocht a thabhairt don chinneadh ón gComhchoiste de bhun Airteagal 171(1) den Chomhaontú Um Tharraingt Siar lena mbunaítear liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú ina n-eadránaithe faoin gComhaontú, i gcomhréir leis an dréachtchinneadh atá ceangailte leis an togra seo.

Ina theannta sin, tá díorma cúltaca de 17 dhuine roghnaithe ag an Aontas ar féidir teagmháil a dhéanamh leo de réir mar is gá don Aontas nuair a thabharfaidh an Comhchoiste liosta na 25 dhuine cothrom le dáta i gcomhréir leis an abairt dheireanach d’Airteagal 171(1).

## 4. BUNÚS DLÍ

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Is éard atá sa chinneadh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh gníomh a bhfuil éifeachtaí dlí aige. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 166(2) den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíonfar ná ní leasófar creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

Is é is cuspóir agus inneachar don ghníomh atá beartaithe liosta na ndaoine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána a bhunú faoin gComhaontú um Tharraingt Siar. Is ar Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a bunaíodh tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

Ba cheart Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlíthiúil leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é gurb é is cuspóir don chinneadh ón gComhchoiste liosta a bhunú de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí de na painéil eadrána faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, is iomchuí cinneadh an Chomhchoiste a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

2020/0373 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú ag an gComhaontú um Tharraingt Siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána faoin gComhaontú agus ar liosta cúltaca de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ag feidhmiú mar chomhaltaí de chuid an Aontais de phainéal eadrána faoin gComhaontú**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tugadh i gcrích an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar") le Cinneadh (AE) 2020/135[1] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(2) De bhun Airteagal 171(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá an Comhchoiste le liosta a bhunú de 25 dhuine a bheidh toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána, ar dháta nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse a leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Ní mór don Chomhchoiste a áirithiú go ndéanfaidh an liosta na ceanglais a chomhlíonadh tráth ar bith.

(3) De bhun Airteagal 171(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní bheidh ar an liosta ach daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun iad a cheapadh sna hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha féin nó ar dlí-eolaithe iad a n-aithnítear a n-inniúlacht, agus a bhfuil eolas nó taithí speisialaithe ar dhlí an Aontais agus ar dhlí idirnáisiúnta poiblí acu. Ar an liosta sin, ní bheidh

[1] Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Téacs atá ábhartha do LEE) (IO L 29, 31.1.2020, lch.1).

daoine atá ina gcomhaltaí, ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh eile d'institiúidí an Aontais, de rialtas Ballstáit nó de rialtas na Ríochta Aontaithe.

(4) Tá cúigear curtha chun cinn ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe go comhpháirteach do phost an chathaoirligh ar an bpainéal eadrána, agus tá deichniúr le haghaidh an phoist mar chomhalta den phainéal molta ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe faoi seach,

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú.

(6) Is iomchuí freisin díorma cúltaca de shaineolaithe a bhunú atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina n-eadránaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, díorma ar féidir teagmháil a dhéanamh leis chun na 25 dhuine a choinneáil cothrom le dáta ó thaobh an Aontais de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste arna bhunú ag Airteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is ar an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo in Theideal I a bheidh sé bunaithe.

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinniú an Chomhchoiste lena nglacfar an cinneadh dá dtagraítear san fhomhír thuas, is chun tacú le nóta a chur i gceangal le miontuairiscí an chruinnithe sin ina leagfar amach na nósanna imeachta chun na cathaoirligh a bheidh ann amach anseo a ainmniú ar liosta na gcathaoirleach do phainéal eadrána an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, de réir mar a leagtar amach in Theideal II.

*Airteagal 2*

Bunaítear liosta ionadaithe de dhaoine ar féidir leis an Aontas a mholadh chun folúntais a líonadh sa liosta de 25 dhuine de réir mar a leagtar amach in Theideal III.

*Airteagal 3*

Foilseofar cinneadh an Chomhchoiste in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*